IONSTRAIMÍ REACHTÚLA

I.R. Uimh. 318 de 2006

Rialúcháin 2006 ar Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag Obair (Obair ar Airde)

FOILSITHE AG AN OIFIG STÁTSEANÓIREACHTA
BAILE ÁTHA CLIATH
Le ceannach go díreach ó
OIFIG DHÍOLACHÁN FOILSEACHÁN RIALTAIS,
TEACH SUN ALLIANCE, SRÁID MHOLESWORTH, BAILE ÁTHA CLIATH 2,
Nó trí ordú poist ó
FOILSEACHÁIN AN RIALTAIS, RANNÓG TRÁDÁLA POIST,
51, FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2,
(Fón: 01-6476834/35/37; Glao íseal 1890 213434; Macasamhail: 01 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

(Prn A6/1019)

Praghas: €4.57

EAGAR NA RIALÚCHÁN

1. Lua.

2. Míniúchán.

3. Eagrú agus Pleanáil.

4. Coinníollacha Aimsire.

5. Riosca a sheachaint ar airde.

6. Rogha an trealaimh chun obair ar airde.

7. Riachtanais do obair ar leith.

8. Dromchlaí leochaileacha.

9. Ábhair ag titim.

10. Ceantair le contúirt.

11. Scrúdú trealamh oibre.

12. Scrúdú láithreacha oibre ar airde.

13. Leasú ar Rialúcháin 1960 Dugaí (Sábháilteacht, Sláinte agus Leas).

14. Leasú ar Rialúcháin Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa 1991 (Feistiúcháin thar trá amach) (Oibreacha).

15. Leasú ar Rialúcháin Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa 2001 (Tógáil).

SCEIDEAL 1

Riachtanais láithreacha oibre atá ann cheana agus slite isteach agus amach ag airde.

SCEIDEAL 2

Riachtanais ráillí cosanta

SCEIDEAL 3

Riachtanais ardán oibre.

SCEIDEAL 4

Riachtanais slánaithe comhchoiteann chun titim a chosc.

SCEIDEAL 5

Riachtanais chóras pearsanta cosanta titime.

SCEIDEAL 6

Riachtanais Dréimirí.

SCEIDEAL 7

Nithe le bheith curtha isteach sa tuairisc chigireachta.

I.R. Uimh. 318 de 2006

Deinim-se, Tony Killeen, Aire Stáit ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, agus mé ag cur i bhfeidhm na gcumhacht tugtha dom ag roinn 58 de Acht Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag obair 2005 (Uimh. 10 de 2005) agus ag Ordú 2005 (I.R. Uimh. 316 de 2005) de chuid Fhiontar, Trádála agus Fostaíochta (Feidhmeanna an Aire a Thiomnú), agus tuilleadh éifeachta a thabhairt do Threoir 2001/45/PE de Pharlaimint na h-Eorpa agus na Comhairle 27ú Meitheamh 2001[1], tar éis dul i gcomhairle le h-Údarás Sábháilteachta Sláinte agus Leasa, na Rialúcháin seo a leanas:

Lua.

1. Is féidir leis na Rialúcháin seo a bheith luaite mar Rialúcháin 2006 den Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag Obair (Obair ar Airde).

Míniúchán.

2. (1) Ins na Rialúcháin seo -

ciallaíonn "teacht ar" ag dul in airde agus ag teacht anuas;

ciallaíonn "Acht" an t-Acht Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag Obair de 2005 (Uimh. 10 de 2005);

[1] O.J. Uimh. L.195. 19.7.2001, l. 46.

ciallaíonn “Treoir” Treoir 2001/45/PE de Pharlaimint na h-Eorpa agus na Comhairle 27ú Meitheamh 2001[1];

ciallaíonn “slí amach” dul in airde agus teacht anuas;

ciallaíonn ”dromchla leochaileach” dromchla, agus an feistiúchán san áireamh, gur dócha go dteipfeadh air dá luífeadh meáchan duine air i gcoinníollacha go gceapfadh duine, roimh ré, go dtarlódh a leithéid;

ciallaíonn “dréimire” dréimire seasta agus dréimire taca, chomh maith;

ciallaíonn “fearas ardaithe” fearas oibre chun ualaí a ardú agus a ísliú agus na h-aidhlicí in úsáid chun é a cheangail, a ghreamú agus mar thaca leis;

ciallaíonn “líne” idir théad, slabhra nó gréasán;

ciallaíonn córas pearsanta cosanta titime” -

(a) ceangail oibre i suíomh oibre, a stopann titim, nó córas slánaithe iar-thitim, seachas córas nach bhfuil ins na cosanta ach cosanta comhchoiteanna;

(b) teacht ar théad agus teicnící ionramhála;

Sé a chiallaíonn “fearas cosanta pearsanta” ná aon fhearas atá deartha chun a bheith caite nó ina láimh ag duine mar chosaint i gcoinne na mbaol gur dócha go mbeidís mar bhagairt ar

shábháilteacht nó ar shláinte fostaí ag obair, agus aon bhreis eile atá ann chun an bheart céanna a dhéanamh, ach nach bhfuil san áireamh ann -

(a) gnáth éadaí oibre agus éide nach bhfuil deartha go speisialta chun sábháilteacht agus sláinte fostaí a chosaint,

(b) fearas cosanta pearsanta d'fhonn iompair ar bhóthar,

(c) fearas spóirt,

(d) fearas féin-chosanta nó coiscthe, nó

(e) gléasanna in-iompair chun rioscaí agus bearráin a thabhairt faoi ndeara agus a fhógairt.

ciallaíonn "scafall" aon struchtúr sealadach, mar aon lena chomh-pháirteanna tacúla, bídís socraithe, ar crochadh nó so-ghluaiste, atá in úsáid chun fostaithe agus ábhair a thacú, nó chun teacht ar aon struchtúr, agus ar a bhfuil ardán oibre, stáitse oibre, clord, rith, agus dréimire nó dréimire taca (seachas dréimire neamhspleách nó dréimire taca nach bhfuil mar chuid de struchtúr dá leithéid) mar aon le h-aon ráille cosanta, clár méar-choise nó aon chosaint eile dá leithéid agus gach feiste air, ach níl nithe mar fhearas ardaithe nó struchtúr atá ann chun tacú le struchtúr eile nó fearas (agus fearas ardaithe chomh maith) san áireamh, agus luafar "scafláil" mar a gcéanna,

ciallaíonn “obair ar airde” obair in aon áit, agus in áit mar -

(a) le linn bheith ag dul isteach in áit nó ag teacht amach as ait, seachas ar staighre in áit bhuan oibre, nó

(b) ag, nó faoi an dtalamh,

ónar féidir, mura ndéanfaí na nithe atá riachtanach de réir na Rialúchán seo, le fostaí titim fada go leor go bhféadfadh sé bheith gortaithe agus aon tagairt do bheith ag obair ar airde bíonn i gceist ann, chomh maith, teacht air agus imeacht as an áit agus é ag obair;

ciallaíonn “fearas oibre” aon inneall, gléas, giúirléid, fearas nó feiste a úsáidtear ag obair, bíodh sé leithliseach nó ná bíodh, agus go mbaineann aon ní a bhaineann le Rialúchán 7 agus Sceideal 2 go dtí 6;

ciallaíonn “ardán oibre” aon ardán a úsáidtear mar áit oibre nó mar shlí chun teacht air nó chun teacht as láthair oibre, mar scafall, scafall ar crochadh, cliabhán, ardán so-ghluaiste, tristéal, clord, craein so-ghluaiste agus staighre a úsáidtear mar seo.

(2) Aon tagairt ins na Rialúcháin seo do cóip de thuairisc nó de phlean a choimeád beidh tagairt ann go mbeidh sé coimeádta sa tslí go bhféadfadh sé a bheith atáirgthe mar chóip clóbhuailte nuair atá sé ag teastáil agus atá slán óna chailliúint nó a chur isteach air go neamh-údaraithe.

(3) Tá an brí céanna ag focal nó ráiteas a úsáidtear ins na Rialúcháin seo is atá ins an Treoir.

Eagrú, pleanáil agus measúnú riosca.

3. (1) Déanfaidh fostóir deimhin de go bhfuil obair a déantar ar airde pleanáilte i gceart, maoirseacht mar is cuí déanta air, agus curtha i gcrích, chomh fada agus is féidir i slí réasúnta praiticiúil, sábháilte agus gan contúirt don sláinte.

(2) De réir na Rialúchán seo, baineann pleanáil oibre le -

(a) roghnú an trealamh oibre de réir Rialúcháin 6,

(b) measúnú riosca cuí ag dul le roinn 19 den Acht, agus

(c) pleanáil le h-aghaidh práinne agus tarrthála.

(3) Chun gníomhaíochta a aithint chun cloí leis na Rialúcháin seo tógfaidh fostóir san áireamh an measúnú riosca.

Coinníollacha Aimsire.

4. Déanfaidh an fostóir deimhin de nach ndéanfar obair ar airde ach amháin nuair nach gcuirfidh na coinníollacha aimsire isteach ar shábháilteacht agus ar shláinte na bhfostaithe.

Rioscaí ó bheith ag obair ar airde a sheachaint.

5. (1) Ag tógáil san áireamh prionsabail ghinearálta i dtaobh seachana i Sceideal 3 don Act, déanfaidh an fostóir deimhin de nach ndéanfar obair ag airde nuair atá se réasúnta, go praiticiúil, an obair a dhéanamh go sábháilte, agus gan riosca do shláinte in áit eile seachas ag airde.

(2) Gan claontacht do mhór-scóip alt (1)agus ag tógáil an mheasúnú riosca san áireamh, déanfaidh an fostóir deimhin de nach ndéanfar obair ag airde múna bhfuil sé réasúnta praiticiúil é a dhéanamh go sábháilte agus gan baol ar shláinte.

(3) Sa chás agus aird á tógáil ar alta (1) agus (2), go bhfuil sé riachtanach obair ar airde a dhéanamh, tabharfaidh fostóir aird agus leor-chúram i dtreo is nach dtitfidh fostaí airde chomh mór sin go ndéanfadh sé díobháil phearsanta dó féin.

(4) I measc na nithe atá á lorg de réir alt 3 tá-

(a) deimhin a dhéanamh de go ndéanfar an obair -

(i) ó áit oibre atá ann cheana, nó

(ii) i gcás teacht chuig, nó imeacht ón obair, úsáid a bhaint as slí isteach agus amach atá ann cheana,

chun cloí le Sceideal 1, sa mhéid is go bhfuil sé praiticiúil agus faoi coinníollacha cearta eirgeanamaíochta, agus

(b) nuair nach bhfuil sé praiticiúil an obair do bheith déanta de réir fo-alt (a) deimhin a dhéanamh de go bhfuil fearas oiriúnach, dóthanach chun titim a sheachaint.

(5) Sa chás nach leor na slite tógtha faoi alt (3) chun deireadh a chur le riosca titime soláthróidh fostóir -

(a) go leor trealaimh oibre chun faid titime dóighiúla a íoslaghdú chomh maith leis an mbaol gortaithe, agus

(b) gan claontacht do mhór-scóip alt (3), breis traenála agus múinte a sholáthar nó gnéithe eile oiriúnacha, dóthanacha chun fostaí a stopadh ó thitim, chomh fada agus is féidir, atá ard go leor go ngortódh sé é go pearsanta.

(6) Clúdaíonn na nithe atá riachtanach faoi an Rialúchán seo an rogha trealamh oibre de réir Rialúchán 6.

Roghnú trealamh oibre do obair ar airde.

6. (1) Nuair a roghnaíonn fostóir trealamh oibre, le h-úsáid do obair ar airde, caithfidh sé -

(a) tús áite a thabhairt do chéimeanna comhchoiteanna cosanta thar céimeanna cosanta, pearsanta, agus

(b) aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas:

(i) na coinníollacha oibre agus na rioscaí do shábháilteacht agus sláinte na bhfostaithe ag an láthair oibre go bhfuil an trealamh oibre le bheith in úsáid;

(ii) i gcás trealamh oibre le h-aghaidh teacht air agus teacht as an láthair oibre ní foláir an fhaid agus an airde a phlé;

(iii) faid titime dóighiúla agus an baol ar ghortú;

(iv) faid agus minicíocht úsáid an trealaimh;

(v) an gá le éalú simplí agus tráthúil agus sábháilt i gcás práinne;

(vi) aon riosca breise ó úsáid, ó insealbhú nó, ó aistriú an trealaimh oibre nó trí aslonnú nó sábháil uaidh;

(vii) riachtanais eile na Rialúchán seo.

(2) Roghnóidh fostóir trealamh oibre chun obair ar airde go bhfuil -

(a) tréithe, agus toisí san áireamh, atá in oiriúint do nádúr na h-oibre le bheith déanta agus na h-ualaí réamh-infheicthe,

(b) a thugann éalú slán as, agus

(c) atá, i slite eile, mar an trealamh oibre is oiriúnaí, go h-áirithe i leith Rialúchán 5.

Riachtanais trealamh do obair faoi leith.

7. Déanfaidh an fostóir deimhin de, i gcás -

(a) ráille cosanta, clár méar-choise, bac nó cosaint dá leithéid go gcloítear le Sceideal 2,

(b) ardán oibre, go gcloítear le Cuid 1 de Sceideal 3, agus nuair atá scafaláil i gceist le Cuid a 2 de Sceideal 3,

(c) líontáin, mála aeir, nó aon chosaint comhchoiteann chun titim a stopadh nach bhfuil mar chuid de chóras cosanta pearsanta titime go gcloítear le Sceideal 4,

(d) córas cosanta pearsanta titime go gcloítear le Cuid 1de Sceideal 5,

(e) córas suíomh oibre, go gcloítear le Cuid a 2de Sceideal 5,

(f) teicnící teacht le téad agus socrú suímh, go gcloítear le Cuid 3 de Sceideal 5,

(g) córas stoptha titime, go gcloítear le Cuid 4 de Sceideal 5,

(h) córas ceangailte oibre, go gcloítear le Cuid 5 de Sceideal 5,

(i) dréimire, go gcloítear le Sceideal 6.

Dromchlaí Leochaileacha.

8. (1) Ag tógáil san áireamh an mheasúnú riosca, déanfaidh fostóir deimhin de ná rachadh fostaí thar nó cóngarach do nó nach n-oibríonn sé ar, nó as, nó cóngarach do dhromchla leochaileach go bhféadfadh obair a bheith déanta go sábháilte agus faoi na coinníollacha cearta is oiriúnaí gan é nó í á dhéanamh.

(2) Sa chás gur gá trasnú thairis nó cóngarach nó obair air nó ó nó gar do dromchla leochaileach caithfidh an fostóir -

(a) aird a thabhairt ar an mheasúnú riosca,

(b) agus deimhin a dhéanamh de, chomh fada agus go bhfuil sé praiticiúil, go bhfuil soláthar oiriúnach agus dóthanach de ardáin, de chlúdaigh, de ráillí cosanta, nó de aon nithe eile dá leithéid ann agus úsáidte i dtreo is go bhfuil taca ag aon ualaí, gur féidir a fheiceáil roimh ré, nó ardaithe ag cosaint dá leithéid, agus

(c) i gcás go bhfuil baol go dtitfeadh fostaí fós in ainneoin na gcéimeanna tógtha faoi an Rialúchán seo rud éigin oiriúnach agus dóthanach a dhéanamh chun faid na titime a chiorrú agus díobháil phearsanta a sheachaint.

(3) I gcás go dtrasnódh fostaí trasna, nó gar do nó obair air nó ó nó gar do dhromchla leochaileach, déanfaidh an fostóir deimhin de -

(a) fógraí rabhaidh soiléire curtha in airde ar an slí isteach chun na h-áite go bhfuil na dromchlaí leochaileacha suite, nó

(b) mura bhfuil sé sin praiticiúil go gcuirtear na fostaithe ar a n-eolas faoi sin i slí éigin eile.

Ábhair ag titim.

9. (1) Tógfaidh fostóir san áireamh, sa chás go bhfuil sé riachtanach gortú a sheachaint do aon fhostaí, an measúnú riosca agus tógfaidh sé na céimeanna riachtanach, chomh fada is atá sé praiticiúil, go réasúnta chun titim aon ábhair nó aon rud a sheachaint.

(2) Nuair nach bhfuil sé praiticiúil titim aon ábhair nó rud a chosc, mar atá luaite in alt (1), tógfaidh fostóir céimeanna oiriúnacha, dóthanacha chun nach mbuailfí aon duine le h-aon ábhar nó rud a fhéadfadh gortú a dhéanamh.

(3) Déanfaidh an fostóir deimhin de nach gcaithfear aon ábhar nó rud anuas nó folmhaithe anuas i slí go bhféadfaidís gortú a thabhairt do aon duine.

(4) Déanfaidh fostóir deimhin de go stóráiltear na h-ábhair agus fearais sa tslí chun baol do fhostaí a sheachaint ó thitim, ó chasadh bun os cionn nó ó aon ghluaiseacht ó ábhair nó fearais dá leithéid.

Ceantair chontúirteacha.

10. Gan faillí ar riachtanais thuasluaite na Rialúchán seo, déanfaidh fostóir deimhin de, sa chás go bhfuil ceantar ina bhfuil, toisc nádúr na h-oibre, baol ann go bhfaigheadh fostaí gortú pearsanta trí -

(a) titim ó airde, nó

(b) bheith buailte ag rud éigin ag titim,

beidh an t-ionad oibre, chomh fada agus is féidir, slánaithe ag fearais ag cosc fostaithe neamh-údaraithe ó theacht isteach ar cheantair dá leithéid agus go bhfuil na ceantair sin á dtaispeáint go soiléir le fógraí rabhaidh nó, le h-aon slí oiriúnacha eile.

Cigireacht ar threalamh oibre.

11. (1) Ní bhaineann an Rialúchán seo ach le trealamh oibre go mbaineann Rialúchán 7 agus Sceideal 2 go dtí 6 leis.

(2) Déanfaidh aon fhostóir deimhin de, sa chás go mbraitheann sábháilteacht trealamh oibre ar on modh a déanadh insealbhú air nó ar an tslí gur déanadh cóimeáil, nach n-úsáidtear é tar éis é a bheith insealbhaithe nó cóimeáilte in aon suíomh mura ndéantar cigireacht air san suíomh sin.

(3) Gan faillí ar alta (2) agus (4), déanfaidh fostóir deimhin de go bhfuil trealamh oibre a bhí nochta do choinníollacha, go rachadh sé in olcas dá bharr agus go leanfadh coinníollacha contúirteacha é, go ndéanfaí cigireacht air -

(a) ag eatraimh rialta, agus

(b) nuair a tharla coinníollacha eisceachtúla a rachadh i bhfeidhm ar shábháilteacht an trealaimh oibre, chomh tapaidh agus is féidir, i ndiaidh na gcoinníollacha eisceachtúla sin.

(4) Gan faillí ar alt (2), déanfaidh fostóir nach mbeidh ardán oibre -

(a) a bheidh in úsáid in obair thógála, agus

(b) óna bhféadfadh fostaí titim dhá mhéadar nó níos mó,

úsáidte in aon suíomh mura bhfuil cigireacht déanta air san suíomh sin laistigh den 7 lá roimhe sin, nó i gcás ardán oibre so-gluaiste cigireacht déanta air ar an láthair, laistigh de seacht lá roimhe sin.

(5) Ullmhóidh duine atá ag déanamh cigireachta ar threalamh oibre go mbaineann alt (4) leis -

(a) tuairisc go tapaidh ina bhfuil na sonraí luaite i Sceideal 7, agus

(b) laistigh de 24 uair a chloig de chríoch na tuairisce soláthróidh sé an tuairisc, nó cóip de, don té gur ar a shon a déanadh an chigireacht.

(6) Coimeádfaidh fostóir atá ag fáil tuairisce faoi alt (5) an tuairisc, nó cóip de -

(a) ag an suíomh inar déanadh an chigireacht go dtí go mbíonn an obair thógála críochnaithe, agus

(b) ina dhiaidh sin ag oifig leis an bhfostóir.

(7) Déanfaidh fostóir deimhin de nach n-úsáidfear aon trealamh oibre, faoin a smacht, in aon ionad oibre eile, mura bhfuil fianaise ina theannta gur déanadh an chigireacht deireanach a bhí riachtanach, de réir an Rialúcháin seo.

(8) Déanfaidh fostaí deimhin de go mbeidh taifid déanta de thorthaí cigireachta faoin Rialúchán seo agus a bheith ar fáil do chigirí an Údaráis ar feadh 5 bliana ó am na cigireachta.

(9) Faoi réir alt (10) ins an Rialúchán seo, ciallaíonn "cigireacht" cigireacht súl, nó cigireacht níos déine ag duine cuí, mar atá oiriúnach ó thaobh na sábháilteachta de, agus san áireamh ann tá aon triail, atá oiriúnach dona leithéid.

(10) Nuair atá dian-scrúdú déanta de threalamh ardaithe de réir riachtanas sainiúil de aon cheann de fhorálacha reachtúla cuí is -

(a) ar san aidhmeanna an Rialúcháin, seachas alt (4), a fhéachfar air mar chigireacht ar an dtrealamh ardaithe, agus

(b) sa chás go bhfuil tuairisc ullmhaithe ar chigireacht dá leithéid faoi na forálacha cuí reachtúla beidh tuairisc seo na cigireachta, glactha de aidhmeanna alt (8) mar thaifead ar an gcigireacht.

Scrúdú áiteanna oibre ar airde.

12. Déanfaidh fostóir deimhin de go mbeidh dromchla agus gach forbhalla, ráille seasta nó aon ghné a bhainfeadh le cosc ar thitim ag gach áit oibre ar airde scrúdaithe leis na súile sula n-úsáidfí iad agus ag amanna cuí le linn úsáidte.

Leasú ar Rialúcháin 1960 na n-Dugaí (Sábháilteacht, Sláinte agus Leas).

13. Tá aisghairm déanta ar Rialúchán 5 de Rialúcháin 1960 na n-Dugaí (Sábháilteacht, Sláinte agus Leas).

Leasú ar Rialúcháin 1991 de Shábháilteacht, Sláinte agus de Leas (Feiste amach ón gCósta) (Oibreacha).

14. Tá ais-ghairm déanta ar alta (a) go dtí (e) de Rialúchán 23 (2) de Rialúcháin1991 (I.R. Uimhir 16 de 1991) de Shábháilteacht, Sláinte agus Leas (Feiste amach ón gCósta) (Oibreacha).

Leasú ar Rialúcháin 2001 de chuid Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa ag Obair (Tógáil).

15. Tá Rialúcháin de 2001 (I.R. Uimhir. 481 de 2001) de Sláinte, Sábháilteacht agus Leas ag Obair (Tógáil) leasaithe -

(a) i Rialúchán 2 (1) trí na sainmhínithe seo a leanas a dhíthiú:

(i) “dréimire”,

(ii) “fiar-dhíon”,

(iii) “scafall tristéil”,

(iv) “ardán oibre”,

agus

(b) agus trí Rialúcháin 25, 51 go 79, 83 agus 87.

SCEIDEAL 1

Rialúchán 5

RIACHTANAIS DO LÁITHREACHA OIBRE, MAR A BHFUIL, AGUS DO SHLITE ISTEACH AGUS AMACH AG AIRDE

An láthair oibre, mar atá, agus slite isteach agus amach ag airde beidh sé -

(a) sé daingean agus láidir agus teann go leor don mbeart gur déanadh é, nó go bhfuil sé á dhéanamh,

(b) nuair a oireann, ar dhromchla daingean agus láidir go leor,

(c) agus beidh sé mór go leor chun bealach slán a thabhairt do fhostaithe agus úsáid sábháilte a thabhairt do aon innealra nó do aon ábhair ag tógáil san áireamh nádúr na h-oibre atá ar siúl ann,

(d) cosaint cuí, dóthanach á sholáthar ag na ciumhais aige,

(e) le dromchla aige gan aon bhearna air -

(i) trína bhféadfadh fostaí titim,

(ii) trína bhféadfadh aon ábhair nó rud titim agus gortú a thabhairt do fhostaí, nó

(iii) go leanfadh aon bhaol gortaithe do aon fhostaí, mura bhfuil aon ní déanta chun nach ngortófaí fostaí mar sin,

(f) sé tógtha, úsáidte agus á chothabháil sa tslí is go gcoiscfeadh sé, chomh fada agus go bhfuil sé réasúnta praiticiúil -

(i) baol sleamhnaithe nó baol barra-thuisle, nó

(ii) aon fhostaí bheith greamaithe idir é agus aon struchtúr taobh leis,

agus

(g) sa chás go bhfuil aon pháirt so-ghluaiste ann go mbeidh cosc air gluaiseacht trí thionóisc le linn bheith ag obair ar airde ag gléasanna cuí.

SCEIDEAL 2

Rialúchán 7(a)

RIACHTANAIS DO RÁILLÍ COSANTA ARL.

1. Aon tagairt ins an Sceideal seo do shlí chosanta baineann sé le ráille cosanta, clár mear-choise, bac nó aon slí chosanta dá leithéid.

2. Beidh slí chosanta -

(a) mór go leor, láidir go leor agus teann go leor don ghnó go bhfuil sé in úsáid chuige agus oiriúnach i slite eile, chomh maith,

(b) suite, greamaithe agus úsáidte chun deimhin a dhéanamh, chomh fada is ata se praiticiúil, nach gcuirfear as a áit é trí thionóisc, agus

(c) a bheith suite sa tslí, chomh fada is atá sé praiticiúil, go gcoiscfeadh sé, aon fhostaí, nó aon ábhair nó aon rud ó thitim ó aon áit oibre.

3. I gcás obair ar airde bainteach le h-obair thógála -

(a) beidh an barr-ráille cosanta, nó aon chosaint mar é, ar a laghad 950 mm. os cionn an imill óna bhféadfadh fostaí titim,

(b) agus beidh cláir mhéar-choise cuí, agus go leor díobh ann, chun cosc a chur le h-aon fhostaí nó le h-aon ábhair nó le h-aon rud titim ó aon áit oibre, agus

(c) beidh aon ráille cosanta idirmheánach suite i dtreo is nach mbeidh bearna idir é agus aon ghné eile cosanta níos mó ná 470 mm.

4. Beidh aon struchtúr, nó aon chuid de struchtúr, a thugann taca do ghné cosanta, nó go bhfuil gné cosanta ceangailte leis, láidir go leor agus oiriúnach chun aidhmeanna an cheangail agus an taca a shásamh.

5. (1) Ag braith ar alt (2) ní bheidh aon oscailt cliathánach i modh cosanta, ach amháin ar shlí chun dréimire, nó staighre, áit go bhfuil oscailt riachtanach.

(2) Ní bheidh cead modh cosanta a bheith bainte ach amháin chomh fada is atá an t-am riachtanach, agus chomh fada chun teacht agus imeacht, nó d'fhonn gnó faoi leith a dhéanamh, agus cuirfear ar ais é chomh luath agus is atá sé praiticiúil.

(3) Ní dhéanfar an gnó faoi leith sin an fhaid is atá an chosaint sin bainte murach go bhfuil cosaint cheart eile curtha ina áit.

SCEIDEAL 3

Rialúchán 7(b)

CUID 1

RIACHTANAIS DO GHACH ARDÁN OIBRE

Sainmhíniú.

1. Ins an Sceideal seo ciallaíonn "struchtúr taca" aon struchtúr atá in úsáid chun taca a thabhairt do ardán oibre agus tógann sé aon innealra a úsáidtear don gcúis chéanna.

Cuma na ndromchla.

2. Beidh aon dromchla ar a bhfuil aon struchtúr taca ina luí daingean, láidir go leor agus oiriúnach ó thaobh déanmhais, chun taca sábháilte a thabhairt don struchtúr taca, don ardán oibre agus do aon ualaigh le bheith curtha ar an ardán oibre.

Buaine struchtúir thaca.

3. Caithfidh aon struchtúr taca -

(a) bheith oiriúnach agus láidir go leor agus teann go leor don aidhm go bhfuil sé in úsáid chuige,

(b) (i) i gcás struchtúir shoghluaiste a bheith stoptha ag fearais chuí ó ghluaiseacht i n-gan fhios le linn obair ar airde, no

(ii) i gcásanna seachas struchtúir sho-ghluaiste, cosc a bheith curtha leis ó shleamhnú, trí cheangail docht a bheith aige leis an ndromchla ar a bhfuil sé, nó le struchtúr eile, trí sholáthar gléas éigin neamh-shleamhain, nó in aon slí eile atá chomh h-éifeachtach leis,

(c) a bheith daingean le linn dó bheith á thógáil, á úsáid agus á thógáil as a chéile, agus

(d) nuair atá sé athruithe nó nua-chóirithe é a bheith déanta sa tslí go mbeidh sé fós daingean.

Daingne ardán oibre.

4. Beidh ardán oibre -

(a) oiriúnach, agus láidir go leor agus teann go leor, don ngnó go raibh i gceist go n-úsáidfí é chuige nó go bhfuil sé á úsáid chuige,

(b) bheith tógtha agus úsáidte chun deimhin a dhéanamh ná beadh a pháirteanna curtha as a riocht trí thionóisc a ghoilfeadh ar fhostaí éigin,

(c) nuair a athraítear nó nuair a athchóirítear é ba chóir go bhfanfadh sé daingean ina dhiaidh,

(d) nuair atá páirteanna soghluaiste aige é a stopadh le fearais chuí ó athrú le linn oibre ag airde.

(e) é a bheith tógtha as a chéile sa tslí nach gcorródh sé as a riocht, trí thionóisc.

Sábháilteacht ar ardáin oibre.

5. Beidh ardán oibre -

(a) mór go leor chun pasáiste sábháilte a thabhairt do fhostaithe agus do úsáid sábháilte aon innealra nó ábhair riachtanach a bheadh in úsáid agus láthair oibre sábháilte i gcóir na h-oibre a bheadh ar siúl ann,

(b) agus dromchla oiriúnach aige, agus go h-áirithe beidh se tógtha gan aon bhearna ins an dromchla oibre -

(i) trína dtitfeadh fostaí tríd,

(ii) trína dtitfeadh aon ábhair nó aon rud agus fostaí a ghortú, nó

(iii) go leanfadh baol gortaithe eile é do aon fhostaithe eile, mura dtógtar céimeanna chun a chinntiú nach bhféadfadh aon fhostaí a bheith gortaithe amhlaidh, agus

(c) agus a bheith tógtha agus úsáidte agus á chothabháil i riocht chomh maith sin go gcoiscfeadh sé, chomh maith agus is féidir, go réasúnta -

(i) an baol sleamhnaithe nó barra-thuisle, nó

(ii) d'aon fhostaí a bheith greamaithe idir an ardán oibre agus struchtúr cliathánach leis.

Cartadh

6. Ní chuirfear aon ualach ar ardán oibre nó ar aon struchtúr taca go mbeadh baol go dtitfeadh sé nó go mbeadh cuma air dá bharr go gcuirfí isteach ar a úsáid sábháilte.

CUID 2

RIACHTANAIS BHREISE DO SCAFLÁIL

Riachtanais bhreise do scafláil.

1. Déanfar áireamh nirt agus daingne don scafláil mura -

(a) bhfuil nóta den áireamh ag clúdach na socruithe, atá i gceist a dhéanamh, ar fáil, nó

(b) mura bhfuil de curtha le céile i modh caighdeánach go nglactar leis go coitianta.

2. Ag braith ar cé chomh casta is atá an scafláil roghnaithe beidh plean cóimeála, úsáidte agus dí-chóimeála tarraingthe ag duine éigin proifisiúnta. D'fhéadfadh sin a bheith déanta i bhfoirm phlean chaighdeánaigh, agus gnéithe curtha leis ag baint le sonraí na scaflála i gceist.

3. Beidh cóip den bplean, chomh maith le h-aon treoracha a bheadh ann, le h-aghaidh a úsáidte ag daoine bainteach le cóimeáil, in úsáid, in athrú na scaflála, go dtí go mbíonn sé dí-chóimeáilte.

4. Beidh toisí, cruth agus leagan amach na ndeic scaflála in oiriúint do nádúr na h-oibre le bheith déanta agus do na h-ualaí do bheith iompartha agus ag ceadú obair agus taisteal go sábháilte.

5. An fhaid is nach bhfuil scafall ar fáil le h-aghaidh a h-úsáide, nuair atá sé a chóimeáil, á thógáil as a chéile, nó á athrú marcálfar é le comharthaí rabhaidh de réir Rialúchán 1995 (I.R. Uimh. 132 de 1995) Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa ag Obair (Comharthaí) agus nuair is cuí é a bheith cosanta ag bacainní nó ag rud éigin oiriúnach eile ó iontráil neamh-údaraithe nó ó úsáid.

6. Ni bheidh scafláil cóimeáilte, dí-chóimeáilte nó athruithe ar scála mór ach amháin faoi stiúradh duine ábalta agus ag daoine go bhfuil traenáil chuí, shainiúil ins an obair, a cheaptar a bheidh le déanamh, a thugann aird ar na rioscaí sainiúla a bhainfeadh lena leithéid agus na réamh-chúraim go gcaithfear díriú orthu go h-áirithe -

(a) an plean faoi chóimeáil, dí-chóimeáil, nó athrú na scaflála i gceist,

(b) an gá atá le sábháilteacht le linn na cóimeála, díchóimeála nó athruithe ar an scafláil i gceist,

(c) slite a cheapadh chun an baol do dhaoine, nó do ábhair nó do rudaí eile a chosc ó thitim,

(d) modhanna sábháilteachta i gcás go n-athródh an aimsir a chuirfeadh isteach ar shábháilteacht na scaflála i gceist,

(e) ualaí ceadaithe, agus

(f) aon rioscaí eile a bhainfeadh le cóimeáil, díchóimeáil nó athrú ar an scafláil.

SCEIDEAL 4

Rialúchán 7(c)

RIACHTANAIS CHOSANTA COMHCHOITEANNA CHUN TITIM A STOPADH

1. Aon tagairt ins an Sceideal seo do chosaint baineann sé le cosaint chomhchoiteann chun titim a stopadh.

2. Ní ceart cosaint d'úsáid ach amháin má -

(a) tá an measúnú riosca tar éis a thaispeáint, chomh fada is atá sé réasúnta praiticiúil, gur féidir leis an obair a bheith déanta, nuair atá sé in úsáid, agus nach gcuirtear isteach ar a éifeacht,

(b) nach bhfuil úsáid fearas oibre eile praiticiúil, agus

(c) go bhfuil méid áirithe daoine (ar fáil, más gá, chun cabhrú le h-aon ghné de obair na cosanta) tar éis traenáil dóthanach a fháil don chosaint, agus cleachtas tarrthála san aireamh.

3. Beidh an chosaint oiriúnach agus láidir go leor chun titim aon fhostaí, gur dhóichí go dtitfeadh sé a stopadh go sábháilte.

4. Beidh cosaint -

(a) i gcás cosanta atá deartha chun a bheith ceangailte -

(i) ceangailte go daingean leis na h-ancairí uile, agus

(ii) ancairí agus na modhanna ceangailte go léir, atá oiriúnach agus láidir go leor agus teann go leor chun tacaíocht sábháilte a thabhairt don ualach infheicthe nuair a bhrisfeadh sé an titim agus ina dhiaidh sin le linn aon tarrthála,

(b) i gcás mála aeir, mata tionlacan nó aon chosaint eile mar sin é a bheith diongbháilte, agus

(c) i gcás chosanta, go dtagann forbairt air nuair a bhriseann sé titim, go leor spáis a thabhairt dó.

5. Ní foláir céimeanna oiriúnacha, dóthanacha a bheith tógtha chun deimhin a dhéanamh de, chomh fada is atá sé praiticiúil, i gcás go dtiteann fostaí nach dtugann an chosaint fhéin aon ghortú don fhostaí sin.

SCEIDEAL 5

Rialúchán 7(d) go (h)

RIACHTANAIS DO CHÓRAIS PHEARSANTA CHOSANTA TITIME

CUID 1

RIACHTANAIS DO GHACH CÓRAS PEARSANTA COSANTA TITIME

1. Ní úsáidfear córas pearsanta cosanta titime ag fostaí ach amháin má -

(a) tá an measúnú riosca tar éis a thaispeáint -

(i) gur féidir leis an obair, chomh fada is go bhfuil sé réasúnta praiticiúil, bheith déanta go sábháilte ag úsáid an chórais sin, agus,

(ii) ná fuil úsáid trealamh oibre eile atá níos sábháilte praiticiúil, agus,

(b) go bhfuil an té atá á úsáid agus go leor daoine eile (atá ar fáil, más gá chun cabhrú le h-aon ghné don rud a fhéadfadh tarlú) tar éis traenáil dóthanach, sainiúil a fháil i leith na h-oibre i gceist le gnéithe tarrthála san aireamh.

2. Beidh córas pearsanta cosanta -

(a) in oiriúint agus láidir go leor do na cúiseanna go bhfuil sé in úsáid chucu, ag tógáil sa áireamh aon ualaí san todhchaí a tharlódh, agus

(b) nuair is cuí -

(i) a bheith in oiriúint don bhfostaí,

(ii) bheith curtha air i gceart,

(iii) bheith in-athruithe chun gortú a íos-laghdú don úsáidí, má tharlaíonn titim, agus

(iv) é a bheith deartha, tógtha agus úsáidte chun gluaiseacht neamh-phleanáilte, neamh-smachtaithe an úsáidí a chosc.

3. Beidh córas pearsanta titime, atá deartha chun a úsáid le h-ancaire, greamaithe go daingean le h-ancaire amháin, ar a laghad, agus beidh gach ancaire, agus an ceangal leis, oiriúnach agus láidir agus daingean go leor chun dul i ngleic le h-aon ualach a fhéadfadh a bheith air.

4. Déanfar gach dícheall agus cúram chun nach dtitfeadh nó nach sleamhnódh aon fhostaí as córas pearsanta cosanta titime.

5. Déanfar gach dícheall agus cúram, chomh fada is atá sé praiticiúil, i gcás titime ag fostaí, go n-íoslaghdaítear an gortú ón gcóras pearsanta cosanta.

CUID 2

RIACHTANAIS BHREISE DO CHÓRAIS SHUÍOMH OIBRE

1. Ní úsáidfear córas suíomh oibre ach amháin -

(a) go bhfuil córas cúl-taca oiriúnach chun titim a sheachaint nó a bhriseadh, agus

(b) sa chás go bhfuil líne in úsáid mar chóras cúl-taca, go bhfuil an t-úsáidí ceangailte leis.

2. Sa chás nach bhfuil sé praiticiúil cloí le alt (1) ní foláir gach céim réasúnta do bheith tógtha chun nach dteipfeadh ar an gcóras suíomh oibre.

CUID 3

RIACHTANAIS BHREISE LE H-AGHAIDH TEICNÍCÍ TEACHT AR THÉAD AGUS SUÍOMH

1. Ní féidir an teicníc teacht ar théad nó suíomh d'úsáid, ach amháin má -

(a) ag braith a alt 3, bhaineann sé le córas go bhfuil dhá líne neamhspleácha ancaire ann, ceann acu ("an líne oibre") in úsáid mar shlí isteach, amach agus mar thaca agus an ceann eile mar an líne sábháilte,

(b) soláthraítear úim oiriúnach don duine agus tá sé ceangailte uaidh don líne oibre agus don líne sábhála,

(c) tá modhanna sábháilte dul in airde agus teacht anuas ar an líne oibre le córas féin-ghlasála chun an duine a stopadh ó thitim dá gcaillfeadh sé smacht ar a g(h)luaiseacht, agus

(d) tá an líne sábháilte le córas cosanta titime so-ghluaiste air, ceangailte leis an nduine, agus gluaiseann sé le h-úsáidí an chórais.

2. Ag tógáil an mheasúnú riosca san áireamh agus ag braith go speisialta ar fhaid na h-oibre agus ar na laincisí a bhaineann le eirgeanamaíocht déanfar soláthar ar shuíochán le trealamh ceart air.

3. B’fhéidir ná beadh ach líne shingil san gcóras nuair -

(a) atá an measúnú riosca tar éis a thaispeáint go mheádh baol níos mó ó úsáid an dara líne, agus

(b) go bhfuil gach rud déanta chun sábháilteacht a dheimhniú.

CUID 4

RIACHTANAIS BHREISE DO CHÓRAIS STOPTHA TITIME

1. Beidh slí ins an gcóras stoptha titime chun fuinneamh a ionsú agus chun an fórsa ar chorp an duine a íoslaghdú.

2. Ní úsáidfear córas titim-bhriseadh i slí -

(a) go bhfuil baol ann go ngearrfaí an líne,

(b) sa chás go dteastaíonn a úsáid crios glan (ag tógáil éifeacht an luascadáin san áireamh), nach mbíonn a leithéid de chrios ann, nó

(c) a chuireann isteach ar a éifeacht in aon slí eile, nó go mbíonn sé baolach é d'úsáid.

CUID 5

RIACHTANAS CHÓRAS CHEANGAL OIBRE

Ní úsáidfear córas ceangail ag obair ach amháin go bhfuil sé -

(a) deartha i slí má úsáidtear i gceart é coisceann sé an duine ar dhul i riocht go bhféadfadh sé titim, agus

(b) go n-úsáidtear i gceart é.

SCEIDEAL 6

Rialúchán 7(i)

RIACHTANAIS DRÉIMIRÍ

1. Déanfaidh fostóir deimhin de nach n-úsáidfear dréimire do obair ar airde ach amháin i gcás go bhfuil an measúnú riosca tar éis a thaispeáint nach féidir talamh slán a dhéanamh de úsáid trealamh níos oiriúnaí oibre toisc an riosca íseal -

(a) an úsáid thar thréimhse gearr, nó

(b) gnéithe ar an suíomh nach féidir leis nó léi a athrú.

2. Ní foláir do gach dromchla ar a bhfuil an dréimire ina sheasamh a bheith sochair, daingean agus a bheith láidir go leor agus de dhéanmhas oiriúnach go leor chun taca slán a thabhairt don dréimire, i dtreo is go mbeadh rungaí nó céimeanna an dréimire, agus aon ualach a bheadh curtha orthu, comhthreomhar leis an dtalamh.

3. Beidh dréimire suite sa tslí go mbeidh sé diongbháilte le linn a úsáidte.

4. Beidh dréimire ar crochadh greamaithe go daingean i dtreo is nach féidir, ach i gcás dréimire so-lúbtha, é a bheith bainte amach agus coisctear luascadh.

5. Stopfar dréimire so-ghluaiste ó bheith ag sleamhnú le linn a úsáidte trí -

(a) na céimeanna a ghreamú ag, nó cóngarach don mbarr nó den mbun,

(b) trí fhearas fríth-shleamhnaithe nó fearais diongbhálacha eile d'úsáid, nó

(c) trí aon socraithe eile ar chomh-éifeacht.

6. Beidh dréimire a úsáidtear chun teacht ar láthair fada go leor chun dul ard go leor thar an láthair sin in airde, mura bhfuil socraithe eile déanta chun greim láimhe daingean a sholáthar.

7. Ní úsáidtear aon dréimire comhcheangailte nó dréimire teilgin mura gcoisctear a gcodanna ó ghluaiseacht i gcoibhneas dá chéile nuair atá siad in úsáid.

8. Cuirtear stop le dréimire so-ghluaiste corraí sula n-úsáidtear é.

9. Sa chás go n-éiríonn dréimire, no sraith dhréimire in airde díreach 9 méadair, nó níos mó thar a bhun, caithfear soláthar de go leor áiteanna sábháilte, nó ardáin sosa, chun tuirlingt ag eatraimh chuí, má tá leithéid praiticiúil.

10. Úsáidfear dréimire sa tslí -

(a) go mbíonn greim láimhe daingean agus taca daingean ar fáil i gcónaí don bhfostaí, agus

(b) gur féidir leis an bhfostaí greim láimhe a choimeád, faid is atá ualach á iompar aige, ach amháin, i gcás dhréimire taca, nuair nach bhfuil sé praiticiúil greim láimhe a choimeád nuair atá ualach á iompar, agus go bhfuil an measúnú riosca tar éis talamh slán a dhéanamh as úsáid an dréimire taca toisc -

(i) an riosca íseal, agus

(ii) tréimhse ghairid na h-úsáide.

SCEIDEAL 7

Rialúchán 11

SONRAÍ LE BHEITH FAOI IAMH I DTUAIRISC CHIGIREACHTA

1. Ainm agus seoladh an té gur déanadh an chigireacht ar a shon.

2. An láthair ina raibh an trealamh oibre gur déanadh cigireacht air.

3. Tuairisc ar threalamh oibre na cigireachta.

4. An dáta agus am na cigireachta.

5. Sonraí ar aon rud a tugadh faoi ndeara go bhféadfadh riosca a bheith ag éirí as do shábháilteacht nó do shláinte aon fhostaí.

6. Sonraí ar aon ní a déanadh faoi aon ní a chonacthas mar atá aitheanta in alt 5.

7. Sonraí ar aon ghníomh eile a cheaptar atá riachtanach.

8. Ainm agus post an duine atá ag déanamh na tuairisce.

TUGTHA faoi mo láimh,

Ar an 21ú Meitheamh 2006

_____

Tony Killeen

Aire Stáit

sa Roinn Fiontar, Trádála agus

Fostaíochta

NÓTA MÍNITHE

(Níl an nóta seo mar chuid den ionstraim agus níl stádas dlí aige)

Aistríonn na Rialúcháin seo isteach i ndlí na h-Éireann forála Threorach na Comhairle 89/655/PEE de 30 Samhain 1989 i dtaobh na riachtanas sábháilteachta agus Sláinte is ísle in úsáid trealamh oibre ag oibrithe ina láthair oibre, mar atá leasaithe ag Treoir na Comhairle 95/63/PE den 5ú Nollaig 1995 agus Treoir 2001/45/PE de Pharlaimint na h-Eorpa agus na Comhairle den 27ú Meitheamh 2001 bainteach le úsáid trealamh oibre nuair atá obair ar siúl ar airde.

Tá na rialúcháin bunaithe, chomh maith, ar an prionsabal ginearálta de sheachaint i Sceideal 3 den Acht 2005 ar Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag Obair, a deireann nach ndéantar obair ag airde nuair atá sé réasúnta praiticiúil an obair a dhéanamh go sábháilte i slí eile seachas ar airde. Sa chás go bhfuil obair ag airde riachtanach, ba chóir córais sábháilte oibre a bhunú agus ba chóir pleanáil agus eagar ceart a bheith ann.

Leagann na Rialúcháin sonraí riachtanais amach do inter alia, eagrú, pleanáil, measúnú obair ar airde, cigireacht ar threalamh oibre, dromchlaí leochaileacha agus nithe ag titim.

Ina theannta san deireann na rialúcháin gur chóir an trealamh oibre is oiriúnaí do choinníollacha sábháilte oibre a bheith pioctha agus go gcaithfeadh modhanna cosanta comhchoiteanna a bheith roghnaithe thar modhanna pearsanta cosanta.

Tá na riachtanais sonracha do úsáid trealamh mar dhréimirí, scafaill agus ardáin eile oibre, chomh maith le riachtanais chórais chosanta titime mar líontáin, málaí aeir agus teacht le cabhair téad, leagtha amach ins na Sceidil do na Rialúcháin.

Tiontaíonn agus tógann na Rialúcháin seo áit Rialúcháin 25, 51go 79, 83 agus 87 agus an sainmhíniú atá ar “dréimire”, “fiar-dhíon”, “scafall tristéal” agus “ardán oibre” in Rialúchán 2 (1) de Rialúcháin 2001 (I.R. Uimhir 481 de 2001) de Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag Obair (Tógáil) mar atá leasaithe.

Tiontaíonn na Rialúcháin, chomh maith, Rialúchán 23(2) (a) go (e) de Shábháilteacht, Sláinte agus Leas (Feiste thar chósta amach) (Gníomhartha) de 1991 (I.R. Uimhir 16 de 1991) agus Rialúchán 5 na nduga (Sábháilteacht, Sláinte agus Leas) 1960 (I.R. Uimhir 279 de 1960).